# Droichead – Seicliosta don Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) - Iar-bhunscoil

| |
|---|
| Ceapadh an doiciméad seo chun tacú le baill FTG & an MNC agus is féidir é a chur in oiriúint do chomhthéacs do scoile.  Ní doiciméad uileghabhálach ná saintreorach é seo. |
| **Tús a chur leis:** |

| | |
|---|---|
| • Cruinniú tosaigh den FTG a eagrú: Clár Oibre Samplach<br>• Iarraidh ar an mBainistíocht chun Múinteoir Nua-cháilithe (MNC) a cháilíonn chun bheith rannpháirteach i bpróiseas Droichead (íosriachtanas 200 uair an chloig) a aithint<br>• Nuair is féidir, sann beirt bhall den FTG do gach MNC<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar an doiciméad Róil agus Freagrachtaí agus freagrachtaí éagsúla ionduchtaithe a shannadh do bhaill éagsúla an FTG<br>• Roinn Droichead Treoir don Lucht Ardbhainistíochta le bainistíocht<br>• Labhair leis an mBainistíocht agus sceidealaigh am chun ionchur a thabhairt ag Cruinniú Foirne: Féach Droichead Cur i Láthair Eolais<br>• Pléigh na roghanna maidir le hAm Scaoilte leis an mBainistíocht féachaint cén tsamhail is fearr a oirfidh don FTG agus don MNC(anna) sa scoil<br>• Déan an Paca Fáilte a athbhreithniú/a thabhairt chun dáta<br>• Déan an Beartas Ionduchtaithe a athbhreithniú/a thabhairt chun dáta<br>• Ullmhaigh dréacht de Sracphlean Droichead  (de réir an bheartais)<br>• Aontaigh clár oibre don Chruinniú Tosaigh leis an MNC(anna) Clár Oibre Samplach | |


CC BY NC

| An Crinniú Tosaigh idir an FTG agus an MNC: | |
|---|---|
| • Fáilte a chur roimh an MNC chuig an scoil<br>• Dearbhóidh an MNC go bhfuil an íostréimhse cleachtais (200 uair) de réir an bheartais déanta acu<br>• Ainmneacha agus TCRNanna bhaill an FTG a thacóidh leis an MNC a aithint<br>• Iarratas a dhéanamh ar Droichead ar Mo Thairseach Clárúcháin ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta chun tús a chur le próiseas Droichead<br>• Cóip den ríomhphost deimhnithe ón gComhairle Múinteoireachta, ina dtugtar cead tús a chur le próiseas Droichead, a roinnt leis an FGT.<br>• Prótacail do phróiseas rathúil Droichead a aontú (Cód Iompair Ghairmiúil na Comhairle Múinteoireachta, 2016)<br>• Riachtanais Droichead maidir le Cnuaschruinnithe, Gníomhaíocht Foghlama Gairmiúla agus Taisce a phlé leis an MNC.<br>• Socraigh am chun casadh ar an MNC tar éis di/dó freastal ar Chnuaschruinniú 1<br>• Soiléirigh Ról agus Freagrachtaí an MNC agus an FTG<br>• Déan an Paca Fáilte a roinnt<br>• Pléigh na taifid a chaithfear a choinneáil le linn an phróisis<br>• Cuspóir agus prótacail na mBreathnóireachtaí a phlé.<br>• Pléigh Am Scaoilte agus conas a shocraítear é sa scoil<br>• Sracphlean Droichead a phlé agus a thabhairt chun críche i gcomhar leis an MNC<br>• Pléigh riachtanais an MNC ag usáid Anailís ar Riachtanais an MNC<br>• Plean Ionduchtaithe aonair an MNC a chruthú agus a roinnt<br>• Gníomhaíochtaí féideartha ionduchtaithe a phlé leis an MNC. | |

| Gníomhachtaí Ionduchtaithe a Phleanáil leis an MNC/anna: |
|---|
| Ní thugtar Gníomhaíocht Ionduchtaithe ach ar ghníomhaíocht óna bhfoghlaimíonn an MNC, a chomhlíonann riachtanais atá acu agus a sheoltar trí phlé agus machnamh. Tá sé tábhachtach ach féachaint ar ghníomhaíochtaí ionduchtaithe mar shlí chun eolas a chur ar an scoil agus é sin amháin, ba chóir iad a chur ar fáil ag amanna éagsúla den scoilbhliain.<br><br>Is féidir Comhráite Gairmiúla (Foirmiúil agus neamhfhoirmiúil), a bheith i gceist le Gníomhaíochtaí Ionduchtaithe, ionas go mbíonn deis ann chun fadhbanna a thagann chun cinn i bhfoghlaim agus i gcleachtas gairmiúil an MNC a phlé. Soláthraíonn an FTG gníomhaíochtaí ionduchtaithe iomchuí i gcomhar leis an MNC, de réir riachtanais atá ag teacht chun cinn don MNC. Tá Gníomhaíochtaí Ionduchtaithe Scoile féideartha san áireamh sa doiciméad Comhráite Gairmiúla. Coinníonn an FTG agus an MNC taifid de ghníomhaíochtaí ionduchtaithe scoile i bPlean Ionduchtaithe aonair an MNC. |
| **Le linn an phróisis:** |
| Tá dhá shnáithe i bpróiseas Droichead, an creat comhtháite ionduchtaithe don MNC. An chéad snáithe ná an t-ionduchtú sa scoil féin (Snáithe A), ina bhfaigheann an MNC tacaíocht ó chomhghleacaithe a bhfuil taithí acu. An dara snáithe ná na gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise (Snáithe B).<br><br>**Ní mór don MNC na rudaí seo a leanas a dhéanamh:**<br><br>**Snáithe A:** Ionduchtú scoile<br><br>• Úsáideann an FTG agus an MNC caighdeáin Droichead chun an próiseas a threorú<br>• Comhráite gairmiúla: Socraíonn an FTG cruinnithe rialta agus comhráite gairmiúla don FTG féin, agus don FTG agus don MNC le chéile<br>• Breathnóireachtaí agus díospóireachtaí – a dhéanann an MNC ar chleachtas múinteoirí a bhfuil taithí acu, chomh maith le breathnóireacht a dhéanann an FTG ar chleachtas an MNC |


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

- Taifid a choinneáil
- Taisce

**Snáithe B**: Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise:

- Cnuaschruinnithe: Ceanglaítear ar an MNC freastal ar chnuaschruinnithe éagsúla in aghaidh an téarma le linn a bpróisis Droichead.
- Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla: Ba chóir don MNC páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht ghairmiúil foghlama, a roghnaíonn siad féin de réir a riachtanais foghlama gairmiúla féin, i gcomhairle leis an FTG.

**An Próiseas a Thabhairt Chun Críche:**

- Bíonn comhrá gairmiúil ag NQT agus FTG ag druidim le deireadh an phróisis
- Príomhnóiméid foghlama ó Taisce an MNC a phlé
- An méid a foghlaimíodh ó Ghníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla an MNC a phlé
- Réimse/í spéise don fhoghlaim ghairmiúil sa todhchaí a aithint
- Athbhreithniú agus Machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas
- Líonann an MNC agus an FTG isteach foirm chomhdhearbhaithe (Foirm D). Caithfidh **beirt bhall lánoilte** den FTG a bhí páirteach sa phróiseas leis an MNC é seo a shíniú agus a dhátú

**Taifid a Choinneáil:**

- Plean Tosaigh Droichead

- Ríomhphost deimhnithe ón gComhairle Múinteoireachta
- Plean Ionduchtaithe do gach MNC
- Teimpléid do Bhreathnóireachtaí agus don Phlé
- Teimpléad don Phleanáil Gníomhaíochta
- Cuireann an MNC(anna) an Fhoirm D comhlánaithe go hiomlán faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta agus moltar do MNC cóip dá bhFoirm D a dhéanamh sula gcuirtear isteach í chuig an gComhairle Múinteoireachta.
- Taifid d'Am Scaoilte a úsáideadh
- Miontuairiscí Cruinnithe
- Machnamh & Athbhreithniú den phróiseas – ag iarraidh ionchuir ón MNC(anna)

**Seirbhís Tacaíochta Scoile:**

**Cuimhnigh gur 'Comhartha nirt é tacaíocht a iarraidh'**

Gné lárnach do sholáthar an NIPT is ea Tacaíocht Scoile. Táimid sásta cuairt a thabhairt ar do scoil chun tacú le baill an FTG chun próiseas Droichead a éascú. Más mian leat go dtabharfadh ball d'fhoireann an NIPT cuairt ar do scoil, líon isteach Droichead Foirm Iarratais ar Thacaíocht Scoile.


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers